

Ábhar

Téacs Léitheoireachta

An greann

Alt le Seán Tadhg Ó Gairbhí: ‘Saol gan Ghreann’.

As an iris www.beo.ie (Márta 2010).

Le caoinchead ó eagarthóir
www.beo.ie.

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d’fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d’fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



Saol gan Ghreann

Réamhobair

Beidh tú ag léamh ailt ar ball dar teideal ‘saol gan ghreann’. Sula léifidh tú é, déan an réamhobair thíos.

Plé

- Cad iad na cláir ghrinn is fearr leat ar an teilifís?
- Cad é an scannán grinn is fearr a chonaic tú?
- An dtéann tú chuig seónna grinn? Cé hiad na fuirseoirí is fearr a thaitníonn leat?
- Cé hé nó cé hí an duine is greannmhaire a bhfuil aithne agat air nó uirthi? Cén cineál grinn a bhaineann leis/léi?
- Cad iad na cineálacha éagsúla grinn atá ann? Cén cineál grinn a thaitníonn leatsa?
- Ar léigh tú aon rud greannmhar i nGaeilge?
- An mbíonn sé deacair greann a thuiscint i dteanga eile, dar leat?

Tascanna

- Scríobh cuntas ar an gcarachtar teilifíse / pearsa litríochta / duine ar d’aithne is mó a chuireann ag gáire tú.
- Déan ransú intinne ar na focail ar fad atá ar eolas agat a bhaineann le greann.

Léamh

- Anois léigh an téacs agus déan cur síos ar an méid atá le rá ag an scríbhneoir faoi shaol na Gaeilge.
- Luann an scríbhneoir ‘íoróin’, ‘scigmhagadh’ agus ‘imeartas focal’ – an bhfuil samplaí aige féin díobh seo san alt?

Feasacht Teanga

- Féach ar na focail seo thíos a bhaineann le greann. Cathain a bhainfeá úsáid astu? Déan iarracht iad a chur in abairtí.

barrúil
áiféiseach
amaideach

seafóideach
searbhasach
caitheamh anuas ar
fear seoigh
féith an ghrinn
'chuirfeadh sé na cait ag gáire'
magadh faoi dhuine
bob a bhualadh ar dhuine
'cúis gháire ó Dhia chugainn!'
gáire a bhaint as duine
pleidhcíocht

- '...saol gan ghreann...'

Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an bhfocal 'greann' thuas. Pléigh agus bain amach na lúibíní thíos.

Sin rud gan (dealramh).
Ní féidir liom é a dhéanamh gan (cúnamh).
Ní féidir liom é a dhéanamh gan (cúnamh) ceart.
D'fhág mé an teach gan (cóta), gan (mála) agus gan (caipín).
Ní bhuafaidh siad an cluiche gan (Seán) agus gan (Peadar).
Ní féidir liom saol gan (féilte) a shamhlú.
Gan (bainisteoir) maith ní éireoidh leo.

- Cad atá i gceist ag an scríbhneoir leis na habairtí thíos?

'Ba oidhre ar thraidisiún grinn Labhráis é'.
'Nuair a thagann an magadh go dtí leaba an dáiríre'.
'Ní cúram mar mhagadh é an greann'.

- Féach ar na habairtí thíos as an téacs agus déan aithris ar an struchtúr iontu chun Gaeilge a chur ar na habairtí a leanann iad.

'...ba é an rud ba ghreannmhaire ar fad faoin ngreann...'
'...i measc na ndaoine ba thúisce a chuaigh i ngleic...'

It was the most difficult thing I ever did.
That was the easiest essay we did all year.
That was the worst film I ever saw.
She was the most serious person I ever met.
She was the student who most understood the book.
He was the first runner to cross the line.

- Cuir na focail / frásaí seo a leanas as an téacs in abairtí a léireodh a mbrí agus a gceartúsáid.

d'aon turas

in ainneoin
is iomaí
díbirt
rachadh sé dian ar
acmhainn
gannchúis
dua
i léig
leasc

Iarobair

Plé

- ‘...tá traidisiún ársa grinn ag litríocht agus scríbhneoireacht na Gaeilge...’
An bhfuil aon eolas agat faoin ‘traidisiún ársa grinn’ seo?
- An bhfuil cultúir / pobail ar leith a samhlaítear féith an ghrinn leo? Cad iad nó cé hiad?
- An bhfuil cultúir / pobail ar leith a samhlaítear easpa grinn leo? Cad iad?
- Luann an scríbhneoir an ‘bréagnuachtán aoire’ dar teideal ‘Ar Son na Cúise’. Cad a bheadh i gceist le ‘bréagnuachtán aoire’, dar leat?
- An aontaíonn tú leis an scríbhneoir gur ‘rud suibiachtúil é an greann’?
- ‘Is fíor nach mbíonn mórán a chuirfeadh duine ag gáire ar RTÉ’. An aontaíonn tú leis seo?
- An bhfuil aon chur amach agat ar na nithe thíos a luann an scríbhneoir?

Tá *Seáinín Smaoiseach* agat ar an idirlíon;
Déanann *Balor* a chuid ar son an scigmhagaidh agus an imeartais focal ar an suíomh seo (www.beo.ie);
Bíonn greann go minic ag *Rónán Mac Aodha Bhúí* ar a chlár tráthnóna ar Raidió na Gaeltachta;
Bíonn greann ócáidiúil sna *hagallaimh bheirte* ag an Oireachtas.

Tascanna

- Scríobh alt nó píosa cruthaitheach dar teideal ‘Saol gan Ghreann’.
- Scríobh cur síos a bheadh oiriúnach d’iris na mac léinn ar an rud is greannmhaire a tharla duit riamh.
- Caithfidh tú píosa a chur ar fáil d’iris na mac léinn faoin teideal ‘Na deich rud is greannmhaire’. Bíodh cuntas gearr agat ann ar (i) an scannán is greannmhaire; (ii) an phearsa teilifíse is greannmhaire; (iii) an leabhar is greannmhaire; (iv) an t-amhrán is greannmhaire; (v) an fuirseoir is greannmhaire; (vi) an pobal is greannmhaire; (vii) an ceiliúrán is greannmhaire; (viii) an múinteoir is greannmhaire a bhí agam; (ix) an rud is

greannmhaire nach bhfuil in ainm is a bheith greannmhar; (x) an clár teilifíse is greannmhaire.

Téacs

‘Saol gan Ghreann’ le Seán Tadhg Ó Gairbhí

Ba é an rud ba ghreannmhaire ar fad faoin ngreann, dar le WC Fields, ná nach mbíonn a fhios agat riamh cén fáth a mbíonn daoine ag gáire. Ba fhurasta dó, a dúirt sé, a mhíniú cad é a chuireann daoine ag gáire, ach ceist eile ar fad ab ea é cén fáth a mbíonn daoine ag gáire:

‘I know what makes them laugh but trying to get your hands on the why of it is like trying to pick an eel out of a tub of water.’

In ainneoin sin is iomaí duine a bhfuil iarracht déanta acu breith ar eireaball na heascainne. Bhí Sigmund Freud i measc na ndaoine ba thúisce a chuaigh i ngleic leis an gceist, cén fáth. Tuigeadh do Freud gur fuascailt aigne agus díbirt púcaí aigneolaíochta ba fheidhm don ghreann, ach mar a dúirt Ken Dodd tráth, ‘the trouble with Freud is that he never had to play the old Glasgow Empire on a Saturday night after Rangers and Celtic both lost.’ Is fíor gurbh fhéidir go rachadh sé dian ar Freud agus a ‘Jokes and Their Relation to the Unconscious’ gáire a bhaint as lucht an tsean-Glasgow Empire chéanna, ach bhí pointe aige mar sin féin.

Nuair a thagann an magadh go dtí leaba an dáiríre, is mó a theastaíonn an magadh. Is go rímhaith a thuig Naomh Labhrás, naomh na bhfear grinn, an méid sin. Nuair a dhiúltaigh Labhrás maoin na hEaglaise a thabhairt uaidh is amhlaidh gur daoradh chun báis é. Cheangail na Rómhánaigh ar bior é agus lasadh tine faoi. Arsa an naomh agus é á róstadh beo beathach: ‘Iompaigh timpeall mé. Táim déanta ar an dtaobh seo.’ Níor deineadh naomh riamh den dúnmharfóir James French a daoradh chun báis in Oklahoma i 1996, ach ba oidhre ar thraidisiún grinn Labhráis é. ‘How's this for a headline: French Fries?’ a dúirt sé nuair a fáisceadh isteach sa chathaoir aibhléise é. ‘Gallows humour’ a thugtar sa Bhéarla ar an ngreann dorcha seo agus ar m’anam gur minic go mbíonn gá le greann dá leithéid ar na saolta seo.

Go deimhin, tá gá faoi láthair le haon saghas grinn in aon chor, bíodh sé dorcha nó geal, gaoiseach nó gáirsiúil, sofaisticiúil nó saonta. Is cuma dáiríre ach é a bheith greannmhar. Ba é aiséirí an bhréagnuachtáin ‘Ar Son na Cúise’ a spreag sinn chun machnamh a dhéanamh ar chúrsaí grinn (bhíodh an bréagnuachtán aoire faoi shaol na nGael á fhoilsiú tráth den saol mar chuid den nuachtán *Foinse* agus tá leagan nua de ‘Ar Son na Cúise’ ar fáil le tamall anuas ar an idirlíon).

Is rud suibíachtúil é an greann. An rud a chuirfidh cuid againn ag scairteadh gáire is geall le cóireáil cuas fréimhe ag an duine eile é. Ach, ar ndóigh, an té nach mbíonn ag gáire linn is easpa acmhainn grinn, dar linn, is cúis lena thost.

Ina dhiaidh sin féin, is cuma cé acu an bhfuil acmhainn grinn agat nó nach bhfuil, ba chóir fáilte a chur roimh aiséirí ‘Ar Son na Cúise’, óir níl aon amhras ach go

bhfuil gannchúis ghrinn orainn i saol na Gaeilge (cé nach aon easpa ábhar grinn is údar leis ná baol air). Tá Seáinín Smaoiseach agat ar an idirlíon, déanann Balor a chuid ar son an scigmhagaidh agus an imeartais focal ar an suíomh seo, bíonn greann go minic ag Rónán Mac Aodha Bhuí ar a chlár tráthnóna ar Raidió na Gaeltachta agus bíonn greann ócáidiúil sna hagallaimh bheirte ag an Oireachtas.

Ach taobh amuigh de sin is beag rud atá ann go n-éiríonn leis gáire a bhaint as an nGael, nó ba chuirte dom a rá, is beag rud atá ann go n-éiríonn leis gáire a bhaint as an nGael d'aon ghnó. Mar is mór an greann atá ann i saol na Gaeilge nach greann d'aon turas é. Sea, níl aon easpa den sórt sin grinn orainn.

Ach cá bhfuil na leabhair ghrinn? Cá bhfuil na cláir ghrinn ar TG4 agus ar RTÉ Raidió na Gaeltachta? Is fíor nach mbíonn mórán a chuirfeadh duine ag gáire ar RTÉ ach an oiread, ach is bocht an leithscéal é sin gan iarracht a dhéanamh. Tá aithne agam ar Ghaeil agus fir agus mná seoigh críochnaithe is ea iad, ach níl faic ann a spreagfadh iad chun tabhairt faoin ngreann dáiríre, nó níl aon ardán acu a thabharfadh deis dóibh a scileanna a fhorbairt.

Ní cúram mar mhagadh é an greann agus ní foláir dua agus am a chaitheamh leis. Tá traidisiún ársa grinn ag litríocht agus scríbhneoireacht na Gaeilge, ach tá sé ag dul i léig. Ba chóir gach iarracht a dhéanamh an traidisiún sin a athbheochan ar theilifís, ar raidió, ar líne agus ar pár. Straitéis Ghrinn atá uainn. Comhchoiste Um Gháire agus Bligeardaíochta. Fóram na Fonóide. Staidéar Féidearthachta ar dheiseanna Fuirseoireachta. Plécháipéis ar an bPleidhcíocht.

Is fada íomhá ag lucht an aineolais den Ghaeilgeoir mar dhuine duairc dúr gan aoibh ar leasc leis a bheith ag magadh faoi féin nó faoi éinne eile. Den chuid is mó, ní hé sin an aithne atá againn ar a chéile. Mar sin, bímis ag gáire faoina chéile. Bímis ag gáire fúinn féin. Comhartha sláinte teanga agus pobail is ea an íoróin agus an magadh.

Anois, an bhfuil jóc maith ag éinne?

As an iris www.beo.ie (Márta 2010).
Le caoinchead ó eagarthóir www.beo.ie.